# AR CHUALA TÚ?

## Evelyn Ní Ghriallais- Réalt óg Rosmuc

**Seo leanas tras-scríbhínn den agallamh a ndéarna Evelyn Ní Ghriallais, craoltóir spóirt do Raidió na Gaeltachta agus TG4, le Pleanáil Teanga Chonamara Láir.**






Ar dtús báire ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh le chuile dhuine atá ag obair le Pleanáil Teanga Chonamara Láir agus a tháinig i dteagmháil liom le haghaidh an agallamh seo a dhéanamh. Freisin buíochas as ucht an tacaíocht ar fad atá pobal Chonamara Láir á thabhairt dhom ar na meáin shóisialta le déanaí. Tá sé iontach agus go raibh míle maith agaibh.

Domsa, is dócha gur thosaigh an suim sna rásaí capall ag aois an an-óg mar gheall bhínn ag dul chuig na rásaí ó cheann ceann na tíre le mo Dhaid agus is dócha gur thit mé i ngrá leis an spórt. Bhí na rásaí capall i gcónaí ag dul ar aghaidh sa gcúlra sa mbaile agus is rud é a bhí ag tarlú go nádúrtha. Ansin, ceapaim gur thosaigh mo cheangal leis na meáin ó thaobh na hanailíse nuair a bhí mé sa cheathrú bliain ar scoil i gColáiste na bPiarsach, Rosmuc. Chuaigh muid ar thaithí oibre agus chuaigh mise chuig Raidió na Gaeltachta i gCasla. Bhí mé ag obair ansin leis an rannóg spóirt ar feadh lá nó dhó agus is dócha gur thosaigh mise ag caint faoi an ghrá a bhí agam do na rásaí capall agus bhí iontas orthu go raibh an oiread sin suim agus beagán scil agam sna rásaí. Is dócha gur choinnigh siad é sin i gcúl a hintinne i gcónaí. Ag Rásaí na Gaillimhe an bhliain sin, bhí mise sé bliana déag d’aois ag an am, agus bhí mé istigh ag na rásaí mar is gnách. Casadh Paidí Beag Ó Gríofa orm, duine de léiritheoirí Radio na Gaeltachta agus d’iarr sé orm suí isteach sa ródaí agus beagáinín anailíse a dhéanamh ar cheann dena rásaí móra i nGaillimh.

Is dócha gur stair mar sin an chuid eile mar tá mé ar an bpainéal le haghaidh Rásaí Capall do Raidió na Gaeltachta ó shin agus sin beagnach trí bliana. Táim ar an bpainéal Rásaí Capall le Mánus Ó Conghaile agus Cárthach Bán Breathnach agus tá

an t-ádh orm a bheith le beirt atá chomh maith i ndáiríre. Le blianta bhínn ag éisteacht leo agus anois tá mé in ann a bheith ag obair leo. Tá an bheirt sin an-tábhachtach ar mo thuras mar bhíodar i gcónaí ann dom. Aon cheist a bhí agam bhí siad i gcónaí ansin dom agus tá siad iontach ag tabhairt tacaíocht. Tá mé thar bheith buíoch dhóibh.

Tháinig an deis le TG4 ina dhiaidh sin. Tháinig siad i dteagmháil liom le haghaidh píosa anailíse a dhéanamh do Rásaí Teach na Síog faoi Cháisc i mbliana, chúpla seachtain ó shin. Ba deis dochreidte a bhí anseo domsa, mar go mbíodh mise ag breathnú ar Seán Bán Breathnach, Mánus Ó Conghaile agus leithéidí sin agus iad ag obair le blianta anuas le TG4. B'shin an bhrionglóid a bhí agam agus tá sé iontach go bhfuil mé in ann rá go bhfuil mé anois mar chraoltóir agus mar anailíseoir le TG4 mar a bhíonn na rásaí beo. Is dócha gur ina dhiaidh sin gur thosaigh daoine ag cur aithne orm. Tháinig an *Irish Field* i dteagmháil liom ansin chun agallamh a dhéanamh agus mar sin de agus ansin thug daoine faoi deara an scil agus suim atá agam sna rásaí capall. Tá an t-ádh orm le rá go bhfuil mé ag obair le Raidió na Gaeltachta agus TG4 faoi láthair agus ar bhealach ní obair é dhomsa mar is paisean mór atá ann agus is féidir rá gur caitheamh aimsire atá ann chomh maith.

Tá sé dochreidte ach le scéal fada a dhéanamh gearr, ní bheadh na deiseanna sin faighte agam murach an Ghaeilge i ndáiríre agus beidh mise buíoch go brách don Ghaeilge. Taispeánann sin i ndáiríre cé chomh tábhachtach agus atá an Ghaeilge agus go leanann tú ar aghaidh leis tar éis na scoile, ní ualach ar chor ar bith í. Is cuma cén sórt suim atá agat i rud ar bith, tá tú in ann an Ghaeilge a úsáid chun é sin a chur chun cinn. Tá an t-ádh orm go bhfuil mé in ann na rásaí agus an Ghaeilge a mheascadh le chéile agus is dócha go bhfuil mé chomh bródúil go bhfuil mé in ann í a úsáid i mo shaol laethúil- leis an obair, mo chaitheamh aimsire, chuile rud. Táim bródúil go bhfuil mé in ann a rá go bhfuil mé ag obair le TG4 agus Raidió na Gaeltachta agus ag caint faoi rud éigin atá chomh tábhachtach sin i mo shaol ar nós na rásaí capall agus is deis dochreidte atá ann. Arís, ní bheadh na doirse seo oscailte dom gan an Ghaeilge agus léiríonn sé seo an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge i ndáiríre.





# Teach Altranais Charna: Ceoilchoirm amuigh faoin aer

le Seán O Flatharta (bainisteoir)



Ar an gCéadaoin an 14ú Aibreáin, bhí ceolchoirm againn anseo sa Teach Altranais leis an gcompantas ceoil "Mobile Music Machine" agus bhí an t-amhránaí iomráitigh Seán Keane ina gcuideachta.
Is é Gerald Peregrine, an ceoltóir chlasaicigh ó Bhaile Atha Cliath, a bhunaigh an compántás "Mobile Music Machine" agus ó mhí Mheitheamh seo cáite tá said ag cuir ceolchoirmeacha ar bun i dtithe altranais ar fud fad na tíre. I ngach áit dá dtugann siad cuairt air, bíonn amhránaí lé cáill idirnáisiúnta as an gceantar sin ina gcuideachta agus bhí muid thar a bheith ríméadach gurbh é Seán Keane a bhí ina gcuideachta anseo. Chás na ceoltóirí ceol ó réimsí difriúla agus ar ndóigh chas Seán Keane roinnt dá gcuid amhráin cháiliúil féin freisin.
Bhí an lá iontach grianmhar agus tá an t-ádh orainn anseo sa Teach Altranais go bfhuil aít breá fhairsing againn taobh amuigh agus go raibh muid ábalta an ceolchoirm a reáchtáil agus san am céanna cloí le rialacha scaradh shóisialta a bhaineann leis an gcoróinvíreas.
Bhí na cónaitheoiri agus an fhoireann oibre thar a bheith sásta leis an gceolchoirm amuigh faoin aer agus i ndiadh na ceolchoirme bhí picnic álainn againn a d-ullmhaigh foireann na cistine agus ni fheadfaí an lá breá a scaoileadh tharainn gan uachtar reoite!
Tá muid fíorbhuíoch do Gerald agus a chuid ceoltóirí as ucht an gceolchoirm a eagrú dúinn. Go mba fáda buan iad."

# Ag Ceiliúradh Breithlá ár nUachtarán



Ar an 18ú Aibreáin, craoladh clár ómóis ar TG4 dár nUachtarán Micheál D. Ó hUiginn agus na ceithre scór bainte amach aige. Ba clár speisalta a bhí ann le healaíontóirí agus ceoltóirí éagsúla ó fud fad na tíre ag ceiliúradh a bhreithlá. I measc an tallann sin, bhí amhránaí óg as Conamara Láir, Séamus Ó Flatharta, a chan 'Óró Mo Bháidín' in éindí le Sibéal Ní Chasaide. Is iad an Comhlacht teilifíse ANIAR TV a chur an clár iontach le chéile.



# Ag Fostú Duine faoi Mhíchumas: Tacaíochtaí do Fhostóirí

*Le Adam Delapp*

Tugann Clár Cumais Forum Chonamara tacaíocht do dhaoine óga idir 15-29 atá faoi mhíchumas agus atá in gcónaí i gceantar Chonamara. Is é aidhm an chláir ná béim a chur ar an gcur chuige duine lárnach agus tacaíochtaí pearsanta a fhorbairt do gach rannpháirtí chun cuidiú leo teacht níos gaire don mhargadh fostaíochta, breisoideachas, oiliúint agus/nó ról deonach a bheith acu sa phobal.

Mar chuid den obair seo, déanfar dlúthcheangal leis na fostóiríagus tabharfar tacaíocht dóibh maidir le deiseanna oibre a aimsiú do dhaoine óga faoi mhíchumas.  Ag teacht leis seo, d’eagraigh Forum roinnt fócasghrúpaí ar líne le fostóirí áitiúla, chun aird a dhíriú ar na tacaíochtaí airgeadais reatha atá le fáil d’ fhostóirí maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú. Léirigh na rannpháirtithe, Forbairt Chonamara Láir Teo., san áireamh, go bhfuair siad an t-eolas faoina tacaíochtaí seo úsáideach agus cabhrach agus mar sin is mian linn iad a roinnt agus dul i gcionn an pobal níos leithne.

Faoi láthair, tá cheithre thacaíocht tábhachtach ar fáil d’fhostóirí nuair atáthar ag fostú duine faoi mhíchumas:

1. **Fóirdheontas pá:** Tugann an scéim seo tacaíocht airgeadais d’fhostóirí a fhostaíonn duine óg faoi mhíchumas tré fóirdheontas €5.30 ón rialtas a chur lena ráta pá san uair. Chun a bheith i dteideal an fhóirdheontais seo, caithfidh an fostóir taispeáint go bhfuil cumas oibre an fhostaí laghdaithe de bharr an míchumas. Is é uasmhéid an fhóirdheontais bliantúil ná €10,748, bunaithe ar seachtain oibre 39 uair a chloig.

2.**Maoiniú le haghaidh Athchóiriú Láthair Oibre**: Is féidir le fostóirí agus daoine atá féinfhostaithe iarratas a dhéanamh chun maoiniú a chur i dtreo na costais maidir le láthair oibre a athchóiriú chun a bheith níos oiriúnaí agus inrochtana do bhaill foirne atá faoi mhíchumas. Is é an t-uasmhéid atá ar fáil faoi láthair do fhostóirí ná €6,350.

3.**Scéim Tacaíochta Feasacht ar Míchumas:** Tríd an scéim seo, tá an fostóir in ann iarratais a dhéanamh ar mhaoiniú a chlúdach 90% de chostais a bhaineadh le traenáil faoi fheasacht ar míchumas a chur ar siúl don fhoireann oibre.

4.**Scéim Deontais um Fhostaithe a Choinneáil:** Tá mar chuspóir ag an Scéim Deontais um Fhostaithe a Choinneáil, cabhrú le fostóirí chun fostaithe a choimeád a dtagann breoiteacht, riocht nó lagú orthu (bíodh breoiteacht, riocht nó lagú ceirde nó eile i gceist leis) a dhéanann difear dá gcumas chun a bpost a dhéanamh.Cabhraíonn an deontas seo le fostóirí cumas leanúnach fostaí a fhiosrú chun oibriú mar bhall den lucht saothair. Cuireann an scéim seo cistiú ar fáil don mhéid seo a leanas: cóiríocht nó oiliúint nó an dá rud a shainaithint lena chur ar chumas an fhostaí fanacht ina bpost reatha, athoiliúint a chur ar an bhfostaí chun gur féidir leo glacadh le post eile laistigh den chuideachta. Tá cistiú suas le €2,500 ar fáil chun cabhrú le haon fhostaí reatha a choimeád, ar leibhéal ar bith agus i ngairm bheatha ar bith laistigh den chuideachta.

Tá na tacaíochtaí seo úsáideach do fhostóirí atá ag iarraidh duine faoi mhíchumas a fhostú chun a bheith páirteach ina bhfoireann oibre. Is féidir breis eolais maidir le téarmaí cháilitheachta agus conas iarratais a dhéanamh ar shuíomh idirlín Citizens Information:
https://www.citizensinformation.ie/en/employment/employment_and_disability/

Mar an gcéanna, daoibhse ar mhaith libh tuilleadh eolais a fháil faoi Clár Cumais Forum Chonamara, téigh go dtí ár suíomh idirlín- https://www.forumconnemara.ie/ability?locale=en nó glaoigh orainn ar (095) 41116.




## Logainmneacha Choill Sáile agus Chill Chiaráin

Le dhá bhliain anuas, bhí Colman agus Colm Ó Neasa gnóthach agus iad ag cur le chéile an mapa seo do Logainmneacha Choill Sáile agus Chill Chiaráin.

Bhailigh siad ainmneacha na carraigeacha, mulláin, cnocáin agus bóithre ó Dhroichead Flannery siar chomh fada le Céibh Chill Chiaráin.
Is cinnte go ba mhór an obair a bhí i gceist ach thuig siad an tábhacht a bhaineann le seanchas agus stair an cheantair.
Tá an mapa seo le díol anois sna siopaí áitiúil.

# Turas Gaeltachta

**Le haghaidh Lá Idirnáisiúnta Fillíochta, an 29ú Aibreáin 2021, bheartaigh na hOifigigh Pleanála Teanga dán le filí óna ceantair éagsúla a chur ar chártaí poist agus iad a scaipeadh leis an bpobal. Is é an dán álainn 'Leá' le Micheál Ó Cuaig atá ar chártaí poist Pleanáil Teanga Chonamara Láir.**






## Comharthaí Covid




**Bígí ag fáire amach sna siopaí áitiúla do na comharthaí Covid Ghaeilge seo a dhearadh Oifigigh Pleanála Teanga Chontae na Mí agus an Iarthair**

## *Cliabhán Cultúrtha Chonamara Láir*

**Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh le Helen agus Rónan Ó Conghaile as Camus a ghlac páirt sa gCliabhán Cultúrtha do mhí Aibreáin. Ba mhaith linn cuireadh a thabhairt arís do aon dhuine a bheadh suim acu físeán a chur chugainn.**



*Comhghairdeas mór le Brid Ann Curran a bhuaigh Comórtas na Cásca Chonamara Láir. Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh le Siopa Uí Mháille i Rosmuc a thug an duais álainn dúinn- dearbhán luach €25 agus Ubh Chásca*



# Coirnéal Chomhrá 'Ar Chuala Tú?'



**Aoí na Míosa:** Eoin Ó Mainín
(Príomhoide Coláiste na bPiarsach, Rosmuc agus ball do Choiste Siúrtha Pleanala Teanga Chonamara Lair)

- **Aon ainm eile ina bhfuil aithne ag daoine ort?** Táim cinnte go bhfuil!
- **Ainm Baile (e.g. I ndiaidh do mhuintir):** Eoin Tommy Khate.
- **Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Gleann Trasna, Ros Muc.
- **Ar fhás tú suas in sa ceantar seo?** D'fhás mé suas ar an Turloch, Ros Muc- ní dheachaigh mé ró-fhada ó bhaile!
- **Cén cartún ina raibh suim agat ann agus thú ag fás aníos?** Thaitin na Looney Tunes liom agus Tom and Jerry. Feictear dom go bhfuil siad fós níos fearr ná go leor don stuif ar an teilifís inniu.
- **Céard é an béile is fearr leat?** Is aoibhinn liom stéig dheas le sceallóga baile.
- **Céard é an boladh is fearr leat?** Féar, díreach tar éis a bhaint.
- **Céard é an deoch is fearr leat?** Buidéal fuar Coors Lite: anois is arís!
- **Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** Is breá liom na White Gables i Maigh Cuillinn, ní bhfuair mé droch bhéile riamh ann.
- **An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Is breá liom freastal ar chluichí gaelacha club agus contae agus chomh maith leis sin níl dada níos deise ná lá iascaireachta ar Loch Oiriúlach nó ar an gCoirib.
- **An saoire is mó cuimhní agat ar & cén fáth?** Bhí an t-ádh orainn mar chlann ghabháil go dtí an Astráil ocht mbliana ó shin nuair a phós mo dheartháir. Chaith muid coicís ann agus bhí sé thar barr- idir an aimsir, na tránna agus an chraic. Bheadh sé deacair é a bhualadh.
- **Cén saghas ceol ina bhfuil suim agat ann?** Chuile chineál i ndáiríre, ó cheol thraidisiúnta go ceol tíre, rac agus pop. Is maith liom éagsúlacht ceoil: Johnny Cash an t-amhránaí a b'fhearr liom ach ní bhuailfeadh an diabhal seisiún breá traidisiúnta!
- **Cén saghas scanann ina bhfuil suim agat ann?** Is aoibhinn liom sean scannáin, na ceanna clasaiceach ar nós scannáin Clint Eastwood mar shampla.
- **Dá mbeadh tú ag céannacht leabhar – cén saghas leabhar ba mhaith leat?** Is maith liom meascán leathan ach is fearr liom gearrscéalta ar nós scéalta John B. Keane nó John McGahern.
- **An noiméad gan lá is fearr leat?** An-luath ar maidin nuair atá an domhan fós suaimhneach.
- **An rud is mó a ghoileann ort?** Cainteoirí dúchais gaeilge ag Béarlóireacht lena chéile.



## Comórtas Grianghrafadóireachta

**Comhghairdeas mór le Bernadette Uí Mhaoilchiaráin a bhuaigh comórtas mí Aibreáin. Tógadh an griangraf álainn seo i Muigh-Inis.Is é Seán Lydon, grianghrafadóir gairimiúil ó Mhaigh Cuilinn, a ndéarna an mholtóireacht ar na grianghraif dúinn. Seolaigí chugainn bhur bpictiúir do mhí Bealtaine chun do sheans 'Hoodie' Pleanáil Teanga Chonamara Láir a bhuachan.**

## Logainm na Míosa

Camus

*Cam uisce a chiallaíonn an focal Camus, ainm a tá an-tráthúil agus an-chliste mar go gcasann Cuan Chamuis timpeall an cheantair.*

## Seanfhocal na Míosa:

*"An té a bhíonn siúlach, bíonn scéalach"*

**Bí i dteagmháil linn!**

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir  conamaralair

@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.